# Tuarascáil Bhliantúil an Stiúrthóra Aicmithe Scannán 2015

28

47

117

129

38

12

IFCO
IRISH FILM CLASSIFICATION OFFICE

**Clár Ábhar**


| | |
|---|---|
| 1. Litir chuig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais | 1 |
| 2. Príomhfhorbairtí in 2015 | 3 |
| 3. Deimhniú d'Imeachtaí Cúirte | 7 |
| 4. Airgeadas | 7 |
| 5. Deimhniú Scannán Pictiúrlainne | 9 |
| 6. Deimhniú Físeán/DVDanna | 11 |
| 7. Ceadúnais a Eisíodh | 11 |
| 8. Foireann | 13 |

IFCO

Chuig Frances Fitzgerald TD, an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

A Aire, a chara,

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil an Stiúrthóra Aicmithe Scannán do 2015 a chur i láthair de réir mar atá forordaithe ag Alt 29 den Acht um Fhístaifeadtaí, 1989.

Sa bhliain faoi athbhreithniú, bhí dea-mhéadú ar an líon aighneachtaí DVD, rud nach rabhthas ag súil leis. Cúis sásaimh atá sa mhéadú 7% sin mar go leagann sé béim an athuair ar an bhfíric gur mian lenár gcomhpháirtithe gnó go ndéanfaidh IFCO a dtáirge a aicmiú lena dháileadh in Éirinn. Dá bharr sin, tugann sé deis don tomhaltóir roghanna eolasacha a dhéanamh bunaithe ar leibhéal comhsheasmhach aicmithe.

Tháinig laghdú an-bheag ar an líon scannán pictiúrlainne a aicmíodh go 371 scannán agus mhéadaigh an líon DVDanna a aicmíodh go 4065 cinn.

Foilsíodh go luath sa bhliain an dara cuid dár dtionscadal taighde inmheánach, rud a rinneadh sa bhliain 2014. Ós rud é go rabhthas ag díriú ar thuismitheoirí daltaí iar-bhunscoile, ní údar iontais é go mbaineann an leibhéal imní is mó leis an léiriú foréigin i ngach riocht. Mar thoradh ar na comhairliúcháin sin, tá sé mar rún agam ár dtreoirlínte foilsithe a athbhreithniú sa bhliain 2016 d'fhonn na saincheisteanna éagsúla aicmithe a nuashonrú agus a phlé tuilleadh.

Le linn 2015, ní dhearnadh aon chinntí a achomharc chuig an mBord Achomhairc Aicmithe Scannán.

Mar chríoch, ba mhaith liom m'fhíorbhuíochas a ghabháil leis an méid a rinne an fhoireann d'Aicmitheoirí Cúnta, Mary Ita O'Sullivan, Bainisteoir na hOifige, mo chomhghleacaithe státseirbhíse ag an IFCO agus le John Laffan agus le Gráinne Whelan agus lena gcomhghleacaithe ag Rannóg Rialachais Shibhialta na Roinne freisin.

Is mise le meas,

Gerard Connolly

Ger Connolly
An Stiúrthóir Aicmithe Scannán Gníomhach

“Bagairt an-éadrom.”

(Comhairle thomhaltóirí le haghaidh Inside Out ar shuíomh Gréasáin IFCO)



Inside Out

Stiúrthóir: Pete Docter, Ronaldo Del Carmen

G

## Príomhfhorbairtí in 2015

**Gníomhaíocht Oibriúcháin**
Ba é 371 an líon iomlán de phríomhscannáin phictiúrlainne a deimhníodh le linn 2015, sin laghdú beag de 20 scannán ó 2014.

Ar an iomlán, ba é 4,065 an líon iomlán DVDanna a deimhníodh, sin méadú de 7% ó 2014. Is é sin an chéad mhéadú bliantúil ar aighneachtaí DVD ó bhí an bhliain 2005 ann agus is ceart fáilte a chur roimhe.

De bharr na flúirse seirbhísí ar éileamh atá ann, toisc an-suntasach sa líon aighneachtaí DVD ná gur mian lenár gcomhpháirtithe gnó go scrúdóidh IFCO a dtáirge. Meastar an bhrandáil sin a bheith ina ní a thugann comhairle chomhsheasmhach iontaofa don tomhaltóir.

**Taighde Tuismitheoirí**
Foilsíodh i mbliana torthaí an dara cuid agus na coda deiridh den chéad chomhairliúchán leathan a rinne IFCO le tuismitheoirí/ caomhnóirí i mbeagnach 10 mbliana. Is i gcónaí a bhíonn dearcthaí i leith aicmiú scannán agus na saincheisteanna a théann i bhfeidhm air ag éabhlóidiú. Ós mar sin é, tá sé ríthábhachtach go gcaitheann IFCO am ar dhul i gcomhairle le tomhaltóirí, tuismitheoirí/ caomhnóirí ar an áireamh, chun an fheasacht agus na tuairimí atá acu ar an obair a dhéanann an Oifig a thomhas.

Rinneadh an obair i measc tuismitheoirí daltaí iar-bhunscoile agus comhlánaíonn sí foilseachán 2013 ar dhearcthaí tuismitheoirí leanaí bunscoile. Ba é David Power, Aicmitheoir Cúnta, a rinne maoirseacht uirthi agus rinneadh í le cabhair ó Chomhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (Iar-bhunscoil).

Is mar seo a leanas atá roinnt de phríomhthorthaí an taighde:

- An chúis imní is mó do thuismitheoirí is ea foréigean i ngach riocht.

- Is é ábhar gnéasach an dara cúis imní is mó, pas beag chun tosaigh ar dhrugaí. Is cúis iontais bhig é sin mar gur tuismitheoirí leanaí meánscoile iad na freagraithe. Is mó an nochtadh do shaincheisteanna um úsáid drugaí i measc na leanaí sin ná i measc leanaí bunscoile.

- Is í caint an ghné lena mbaineann an imní is ísle. Mar sin féin, ba cheart é sin a mhaolú leis an bhfíric gur mheas 62% de na freagraithe nach amháin gur míthaitneamhach atá an úsáid as drochtheanga/garbhtheanga, tá sí dochrach leis.

- Ba mhaith le formhór mór na dtuismitheoirí aicmithe IFCO a fheiceáil roimh scannáin atá ar fáil do lucht féachana Éireannach ar an teilifís, etc.

- Is ann d'imní faoin easpa forfheidhmithe a chreidtear a bheith á dhéanamh ag taispeántóirí maidir le srianta aoise.

- Ba cheart aip fóin chliste aicmiú scannán a chur ar fáil. Dhear Niall Munroe doiciméad na Tuarascála agus tá sé ar fáil lena íoslódáil trí shuíomh Gréasáin IFCO.

“Bagairt éadrom agus cásanna contúirteacha.”
(Comhairle thomhaltóirí le haghaidh The Walk ar shuíomh Gréasáin IFCO)



The Walk
Stiúrthóir: Robert Zemeckis

PG

IFCO

**Achomhairc**
Ní dhearnadh achomhairc chuig an mBord Achomhairc Athbhreithnithe Scannán le linn 2015.

**Físchluichí**
Le linn 2015, scrúdaigh IFCO 30 cluiche ar thug an Córas Pan-Eorpach um Fhaisnéis Cluichí (PEGI) rátáil 18 dóibh chun comhlíonadh fhorálacha an Achta um Fhístaifeadtaí, 1989, a chinntiú.

**Fócasghrúpaí/Láithreoireachtaí**
Chomh maith leis sin, tugadh roinnt láithreoireachtaí idirghníomhacha do Dhaltaí Dara Leibhéal agus do Mhic Léinn Tríú Leibhéal le linn na bliana.

**Treoirlínte**
Ag teacht sna sála ar chomhairliúchán poiblí IFCO, is é an aidhm anois athscrúdú a dhéanamh sa bhliain 2016 ar ár dtreoirlínte foilsithe agus, nuair is gá, iad a nuashonrú agus a phlé tuilleadh.

**Aip Fóin Chliste**
Ós rud é gur cuireadh in iúl sa chomhairliúchán poiblí gur mian le daoine aip aicmiú scannán a bheith ar fáil dóibh. Scrúdófar sa bhliain 2016 an fhéidearthacht a bhaineann leis an aip a chur ar fáil.

IFCO

“Foréigean éadrom aicsin.”
(Comhairle thomhaltóirí le haghaidh Mission: Impossible - Rogue Nation ar shuíomh Gréasáin IFCO)



## Mission: Impossible - Rogue Nation
Stiúrthóir: Christopher McQuarrie

I2A

## Deimhniú d’Imeachtaí Cúirte

Tarchuireann an Oifig gearáin maidir le sáruithe ar fhorálacha an Achta um Scrúdóireacht Scannán, 1923, agus an Achta um Fhístaifeadtaí, 1989, chuig an nGarda Síochána lena n-imscrúdú.

Faoi Alt 23 den Acht um Fhístaifeadtaí, 1989, féadfaidh Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann deimhnithe a eisiúint chun faisnéis áirithe a sholáthar is inghlactha mar fhianaise in imeachtaí cúirte.

Ba é 17 an líon iomlán Deimhnithe a eisíodh in 2015 a thaispeánann nach raibh Deimhnithe Soláthair i bhfeidhm faoi Alt 14 (3)(b) maidir le saothair áirithe.

## Airgeadas

Is mar seo a leanas a bhí na táillí a ghearr an Oifig do dheimhniú scannán pictiúrlainne agus DVDanna/físeán agus d’eisiúint cheadúnas in 2015:

| | |
|---|---|
| Físeán | €1,043,439.37 |
| Scannán | €276,249.00 |
| Ceadúnais | €261,100.00 |
| Ilghnéitheach | €127.00 |

B’ionann an t-ioncam iomlán a fuarthas thar ceann na Roinne in 2015 agus €1,580,915.37.



Spectre
Stiúrthóir: Sam Mendes

12A



Legend
Stiúrthóir: Brian Helgeland

18



The Voices
Stiúrthóir: Marjane Satrapi

16



Snoopy and Charlie Brown: The Peanuts Movie
Stiúrthóir: Steve Martino

G

IFCO

“Radhairc láidre scanrúla.”
(Comhairle thomhaltóirí le haghaidh Poltergeist ar shuíomh Gréasáin IFCO)



Poltergeist
Stiúrthóir: Gil Kenan

15A

# Deimhniú Scannán Pictiúrlainne

## Scannáin Phictiúrlainne a Deimhníodh



| | |
|---|---|
| Príomhscannáin | 369 |
| Gearrscannáin | 2 |
| Blaisíní | 532 |
| **Iomlán** | **903** |

| | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| Príomhscannáin | 336 | 343 | 390 | 369 |
| Gearrscannáin | 2 | 1 | 1 | 2 |
| Blaisíní | 395 | 424 | 481 | 532 |
| **Iomlán** | **733** | **768** | **872** | **903** |

## Deimhnithe de réir Catagóire 2012 - 2015



| | |
|---|---|
| G | 28 |
| PG | 47 |
| 12A | 117 |
| 15A | 129 |
| 16 | 38 |
| 18 | 12 |
| **Iomlán** | **371** |

| | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| G | 27 | 24 | 38 | 28 |
| PG | 33 | 37 | 49 | 47 |
| 12A | 94 | 105 | 114 | 117 |
| 15A | 116 | 125 | 139 | 129 |
| 16 | 52 | 34 | 44 | 38 |
| 18 | 14 | 19 | 7 | 12 |
| **Iomlán** | **336** | **344** | **391** | **371** |

# Tír Thionscnaimh

| **Tír Thionscnaimh Aonair** | |
|---|---|
| An Airgintín | 1 |
| An Astráil | 3 |
| An Bhrasaíl | 1 |
| An tSín | 1 |
| An Danmhairg | 2 |
| An Fhrainc | 6 |
| An Ghearmáin | 2 |
| An India | 52 |
| Éire | 22 |
| An Indinéis | 1 |
| An Iodáil | 1 |
| An tSeapáin | 5 |
| An Ísiltír | 1 |
| An Pholainn | 1 |
| An Spáinn | 2 |
| An Ríocht Aontaithe | 45 |
| SAM | 141 |
| **Iomlán** | **287** |

| **Níos Mó ná Tír Thionscnaimh Amháin** | |
|---|---|
| An Ríocht Aontaithe/SAM | 11 |
| An Ríocht Aontaithe/an Fhrainc | 4 |
| An Astráil/SAM | 2 |
| An tSile/SAM | 2 |
| An Fhrainc/an Bheilg | 2 |
| An Ghearmáin/an Bheilg/Lucsamburg/Éire | 2 |
| Éire/an Ríocht Aontaithe | 2 |
| An Ríocht Aontaithe/an Fhrainc/SAM | 2 |
| SAM/an Ghearmáin | 2 |
| SAM/an Chóiré Theas | 2 |
| An Airgintín/an Spáinn | 1 |
| An Astráil/an Ghearmáin | 1 |
| An Astráil/an Tuirc/SAM | 1 |
| An Ostair/an Ríocht Aontaithe | 1 |
| Ceanada/an Ghearmáin/an Astráil | 1 |
| Ceanada/an Ríocht Aontaithe | 1 |
| An Fhionlainn/an Fhrainc | 1 |
| An Fhionlainn/an Ríocht Aontaithe/an Ghearmáin | 1 |
| An Fhrainc/an tSín | 1 |
| An Fhrainc/an Iodáil/an tSín/an Bheilg | 1 |
| An Fhrainc/an Mháratáin | 1 |
| An Fhrainc/an Spáinn/Panama | 1 |
| An Fhrainc/an Eilvéis/an Ghearmáin/SAM/an Bheilg | 1 |
| An Fhrainc/an Ríocht Aontaithe | 1 |
| An Ghearmáin/an tSín/SAM | 1 |
| An Ghearmáin/Éire | 1 |
| An Ghréig/an Ríocht Aontaithe/Éire/an Ísiltír/an Fhrainc | 1 |
| An India/an Ríocht Aontaithe | 1 |
| Éire/Ceanada | 1 |
| Éire/Cúba | 1 |
| Éire/an Danmhairg/an Bheilg/Lucsamburg/an Fhrainc | 1 |
| Éire/an Fhrainc | 1 |
| Éire/an Ríocht Aontaithe/Ceanada | 1 |
| An Iodáil/an Fhrainc | 1 |
| An Iodáil/an Fhrainc/an Eilvéis/an Ríocht Aontaithe | 1 |
| An tSeapáin/SAM | 1 |
| Meicsiceo/an Fhrainc | 1 |
| An Ísiltír/an Ghearmáin/Éire/an Bheilg | 1 |
| An Ísiltír/Éire/an Ghearmáin | 1 |
| An Pholainn/Éire | 1 |
| An Rúis/Éire | 1 |
| An Chóiré Theas/an tSín | 1 |
| An Spáinn/Ceanada | 1 |
| An Spáinn/an Ríocht Aontaithe/an Fhrainc | 1 |
| An tSualainn/an Fhrainc/an Iorua | 1 |
| An tSualainn/an Ghearmáin/an Fhrainc/an Iorua | 1 |
| An Téaváin/an tSín/Hong Cong/an Fhrainc | 1 |
| An Ríocht Aontaithe/an Astráil/SAM | 1 |
| An Ríocht Aontaithe/an Ghearmáin/SAM | 1 |
| An Ríocht Aontaithe/an Iodáil/an Spáinn | 1 |
| An Ríocht Aontaithe/Lucsamburg | 1 |
| An Ríocht Aontaithe/an Nua-Shéalainn | 1 |
| An Ríocht Aontaithe/an Chóiré Thuaidh | 1 |
| An Ríocht Aontaithe/SAM/Ceanada/an tSín | 1 |
| An Ríocht Aontaithe/SAM/an Íoslainn | 1 |
| SAM/Ceanada/an tSín | 1 |
| SAM/an Fhrainc | 1 |
| SAM/an Iodáil | 1 |
| SAM/an Rúis | 1 |
| SAM/an Eilvéis | 1 |
| SAM/an Ríocht Aontaithe/Poblacht na Seice | 1 |
| **Iomlán** | **82** |

IFCO

“Radhairc láidre ghnéis. Caint bhéal-láidir agus cásanna gránna. Radharc úsáid láidir drugaí.”
(Comhairle thomhaltóirí le haghaidh Get Hard ar shuíomh Gréasáin IFCO)



Get Hard
Stiúrthóir: Etan Cohen

16

## Deimhniú Físeán/DVDanna

### Deimhniú Ceadúnas Físeán/DVDanna a Eisíodh 2015



| | |
|---|---|
| G | 726 |
| PG | 610 |
| 12 | 905 |
| 15 | 1596 |
| 18 | 228 |
| **Iomlán** | **4065** |

### Saothar DVD/Físe a Deimhníodh de réir Catagóire 2012 – 2015

| | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| G | 1163 | 924 | 676 | 726 |
| PG | 794 | 817 | 675 | 610 |
| 12 | 1137 | 1033 | 884 | 905 |
| 15 | 1692 | 1317 | 1331 | 1596 |
| 18 | 319 | 245 | 227 | 228 |
| **Iomlán** | **5105** | **4336** | **3793** | **4065** |

## Ceadúnais a Eisíodh 2015

| | |
|---|---|
| Mórdhíol | 3 |
| Miondíol Feithicle | 1 |
| Miondíol | 1155 |
| **Iomlán** | **1159** |





The Tale of the Princess Kaguya
Stiúrthóir: Isao Takahata
PG



Steve Jobs
Stiúrthóir: Danny Boyle
15A

IFCO

“Ábhar gnéasach follasach.”
(Comhairle thomhaltóirí le haghaidh Fifty Shades of Grey ar shuíomh Gréasáin IFCO)



Fifty Shades of Grey
Stiúrthóir: Sam Taylor-Johnson

18

## Foireann

### An Stiúrthóir Aicmithe Scannán Gníomhach

Ceapadh Ger Connolly mar Stiúrthóir Gníomhach i mí na Nollag 2009, tar éis dó a bheith mar Leas-Stiúrthóir ó 2003. Rugadh i mBaile Chill Dara é agus is ann atá sé ina chónaí. Bhain sé Céim B. Comm. amach as UCD. Rinne sé staidéar ar chuntasaíocht le Deloitte, Haskins & Sells, agus bhí sé ag obair sa cháil sin sna tionscail fógraíochta agus déantúsaíochta.

Déanann sé ionadaíocht d'Éirinn ag Comhairle na nAicmitheoirí Scannán Eorpacha agus tá sé ina chomhalta freisin de Bhord Comhairliúcháin PEGI agus ar Bhord Achomhairc PEGI araon, an Córas Eorpach um Fhaisnéis Cluichí.

### Aicmitheoirí Cúnta Páirtaimseartha le linn 2015

Olga Bennett
Iar-Ionadaí Poiblí
Ceaptha 1993

Dani McClafferty
Comhairleoir
Ceaptha 2004
Athcheaptha 2015

Mark Brennan
Iriseoir agus Léiritheoir Teilifíse
Ceaptha 2004
Athcheaptha 2015

David Power
Léiritheoir Teilifíse
Ceaptha 2006
Athcheaptha 2015

Mairead Marron
Comhairleoir/Síciteiripeoir
Ceaptha 1995

Is í Mary Ita O'Sullivan Bainisteoir na hOifige, agus déanann sí maoirseacht ar fhoireann Státseirbhíseach.

www.ifco.ie

G PG 12A 15A 16 18

IFCO

IRISH FILM CLASSIFICATION OFFICE